Coláiste na Mumhan Prospectus for 1937

Credit: Aidan Twomey

Do-ċum glóire Dé ⁊ onóra na h-Éireann

# Coláiste Múinteóireaċta na Muman

(bunuiġeaḋ 1904)

Cúrsa Mí Luġnasa, 1937.

# Clár

Rúnaiḋe—Séamus Ó Séaġḋa,
Béal Áta an Ġaortaiḋ,
i n-Uíḃ Laoġaire.

Cló na Laoí, Corcaiġ.

Gabann an luċt stiúrṫa buiċeas le "Scéala Éireann" i dtaobh ceaḋ do ṫabairt blocanna 7 peictiúirí leó d'úsáid sa ċlár so.



Teaċtairí ag Comḋáil Connarṫa sa Gaeḋilge i gColáiste sa Muṁan,
i mBéal Áṫa an Ġaorṫaiḋ, 1934.

# Díoġlaim Leaḃar

## Foillseaċáin an Ġúim.

| | | |
|---|---|---|
| Fíon Ġearmánaċ (Taḋg Ó Donnċaḋa) ... ... | 0 | 11 |
| Onncail Seárlaí (Seán Ó Ciarġusa) ... ... | 2 | 8½ |
| Fiċe Ġearrscéal (Risteárd Ó Foġluḋa) ... ... | 1 | 6 |
| Tailc Tréanṁór an Rí-Ḃéar (Míċeál Ó Sioċfraḋa) ... | 2 | 3 |
| An Múindín (Conċuḃar Ó hArgáin) ... ... ... | 2 | 4 |
| Filíoċt Ṁáire Ḃuiḋe Ní Laoġaire (An t-Aṫ. Donnċa Ó Donnċú, M.A.) ... ... ... ... | 1 | 2 |
| Duanaire Ḋúiṫċ' Ealla (Dóṁnall Ó Conċuḃair) ... | 1 | 2 |
| Ar Mo Ṁaranaḋ Dam (Seán Ó Ciarġusa) ... ... | 2 | 2½ |
| Áoḋ de Róiste (Dóṁnall Ó Ceoċáin agus Dóṁnall Ó Céileaċair) ... ... ... ... ... | 2 | 4½ |
| Timċeall Ċinn Sléiḃe (Seán Ó Dálaiġ) ... ... | 2 | 2½ |
| Dinní Ó Friġil (Nioclás Tóibín) ... ... ... | 2 | 3½ |
| Duanaire Duiḃneaċ (Seán Ó Duḃda, O.S.) ... ... | 2 | 9 |
| Muinntir Inis Anaite (Seán Tóibín, M.A.) ... ... | 2 | 4 |
| Saoṫar Ḋám-Sgoile Ṁúsgraiġe (Domhnall Ó Ceoċáin) ... | 2 | 2½ |
| An tÓsta sa Spessart (Pádraig Ó Caṫáin) ... ... | 2 | 3 |
| Toil Dé (Éamonn Mac Giolla Iasaċta) ... ... | 3 | 4 |
| Maria Chapdelaine (Risteárd Ó Foġluḋa) ... ... | 2 | 3 |
| Bun an Dá Aḃann (Seán Ó Ciarġusa) ... ... | 3 | 4½ |
| An Ḃruinneall Ḃán (Diarmuid Ó Laoġaire) ... ... | 2 | 9½ |
| Tús agus Fás Óglaċ na h Éireann (An Coronal Muiris Ó Mórḋa—Liam Ó Rinn) ... ... ... | 3 | 0 |

Tá an postaċas ar na luaċa ṫuas.

Cuir fios ar ár gClár, nó taḃair cuaird ar an Siopa.

Le ceannaċ díreaċ ó Oifig Díolta Foillseaċáin Rialtais,

5, Sraid Tobair Pádraig, Baile Áta Cliat, C.2.

Gaċ riaraḋ le h-aġaiḋ leanḃaí fé scéim.

# Coisde na bPáisdí

Toġa na Gaeḋilge.    Toġa freasdail.

Banaltra fé leiṫ i mbun na leanḃ.

Tá sliġe do ḃreis is 200 leanḃ i dtiġṫiḃ
fíor-Ġaeḋealaċa.

## i mBéal Áta an Ġaorṫaiḃ

Téarmaí réasúnta.

Gaċ eólas le fáġail ó

Séamus Ó Séaġda, Rún. Oin.,
Coisde Riarta na bPáisdí,
Béal Áta an Gaortaiḋ.

## “Béaloideas Béal Áta an Gaortaiḋ.”

Foillseaċáin Rialtais le h-aġaiḋ an aos scoile, 2s.

Concuḃar Ó Muiṁneaċáin do scríoḃ.

“Ní misde árd-ṁolaḋ di ḃronnaḋ ar na scéaltaiḃ seo agus ar an té do ċuir le ċéile iad. Táid na scéalta ar ḟeaḃas an tsaoġail idir ċainnt agus ċanaṁaint agus aoinne a ḃfuil tuisgint i ndeaġ-Ġaoluinn aige ní fuláir nó taiṫnfiḋ siad leis ar aiteas na cruinne. Tá greann agus gáire agus gaisciḋeaċt ionnta. Tá lúṫ agus léire agus líoṁṫaċt ionnta. Tá ioṁáiġeaċt tar na beartaiḃ ionnta. Agus tar gaċ níḋ eile dá mbaineann leó tá stíl an úġdair soiléir so-tuigsiona saiḋḃir.”—An t-Aṫair Gearóid Ó Nualláin, D. Litt., Ollaṁ le Gaeḋilg, Máġ Nuaḋat.

---

Leaḃair eile ag an úġdar céaḋna:—“Fionn ⁊ Lorcán,” duais scéalta an Oireaċtais, le fáġail ó Máire Ní Raġallaiġ, Baile Áta Cliat; “An Ċéad Oiḋċe Noḋlag” (Drama), Oifig Díolta Foillseaċáin Rialtais, 6d.; “Beata ⁊ Amráin Séamuis Móir Uí Muiṁneaċáin,” dá ċur fé ċló ag Roinn an Oideaċais.

Más mian leat

**Saoġal sona suairc**

do ḃeiṫ agat

faid a ḃeir ag an gcúrsa

cuir fút

# i dTiġ na Croise

---

Faiġ eólas ar na téarmaí ó

Bean Uí Ċróinín,

Tiġ na Croise.

---

## "Árd na Laoi"

agus

## "Tiġ na n-Óg"

Iostas agus Cóṁaltas ar Ḟeabas.

Freastal fé leiṫ le h-agaiḋ Ban Riaġalta.

---

Folcaḋ te agus fuar.

---

Cárlann in-aisciḋ.

Bean Uí Ṁongáin.

# leaḃair

leaḃair

Tá gaċ ṡaġar le fáġail ó

## liam ruiséal

50 Sráid Oiliḃéar Pluncéad,
Corcaiġ.

Más mian leat eólas do
ċur ar
filiḋeaċt gaeḋilge an
laé indiu
léiġ
"filiḋeaċt Pádraig uí
ċruaḋlaoiċ."
Foillseaċáin Rialtais 2s.

---

Le fáġail in aon siopa leaḃar
nó ó
Oifig Díolta Foillseaċáin
Rialtais,
5, Sráid Tobair Pádraig,
Baile Áṫa Cliaṫ, C.2.

lóisdín
compórdaċ
i gceart-lár na sráide
ar aġaiḋ an tséipéil.

---

Ní labartar aċ gaeḋilg sa
tiġ.

---

Faiġ eólas ar na téarmaí
ó
bean uí ṡéaġda.



Seán Ó Cuiṁ, ball de Cóṁaltas an Coláisde; An tAṫair Peadar Ó Laoġaire, a leag cloċ-ḃuinn an Ċoláisde; An tAṫair Ḟléimeann, An Dr. Osborn Bergin, Léiġeaċtaí sa Ċoláisde, agus An tAṫ. Áġaistín, a ċeap an ċéad Clár Léiġinn.

# Coláisde Múinteóireaċta na Muṁan.

(Bunuiġeaḋ 1904)

## Béal Áṫa an Ġaorṫaiḋ, Co. Ċorcaiġe.

### Cúrsa Mí Luġnasa, 1937.

Tosnóċtar ar obair an ċúrsa Dia Máirt, an 3 aḋ lá de Luġnasa agus cuirfear críoċ leis Dia Saṫairn, an 28 aḋ lá de'n ṁí.

## Ionad an Ċoláisde.

Tá an Coláisde suiḋte i gceart-lár ċeanntair Ġaeḋealaiġ i sráid-baile Ḃéal Áṫa an Ġaorṫaiḋ, tímċeall le sé ṁíle ḃéag siar ó Ṁaġċromṫa, ar an dturas aoiḃinn aériḋeaċta atá idir Maġċromṫa agus Cill Áirne agus a ġaḃann tríd an nGleann nGarḃ. Is leaṫan é clú an ċeanntair ón lá a bunuiġeaḋ Coláisde na Muṁan—an ċéad Coláisde Gaeḋilge a bunuiġeaḋ sa tír—sa ḃliain 1904, agus is mó Gaeḋeal mór ċlú atá tréis cuaird do ṫaḃairt ar an áit ó ṡoin. Tá dúṫaiġ ḃreáġ staireaṁail tart tímċeall na sráide. Tá Loċ Allua agus Céim an Ḟiaiḋ agus an Guagán aonarḋa—an áit beannuiġṫe úd in ar ċóṁnuiġ Barra Naoṁṫa—cóṁngarac do.

## An Coláisde.

Toisc a raiḃ de ḋaoiniḃ ag teaċt go dtí an Coláisde ó cuireaḋ ar bun é sa ḃliain 1904 agus toisc iad a ḃeiṫ ag dul i líonṁaireaċt ó ḃliain go bliain dob' éigin do'n Ċóṁaltas Coláisde Nua do ṫógaint sa ḃliain 1914. Tá sliġe compórdaṁail do ḃreis is 200 scoláire san árus so. Tá sé suiḋte ar ċnocán aéreaċ ós cionn Loċa Allua agus tá raḋarcanna áilne le feiscint uaiḋ ins gaċ treó baill.

## Cuspóir an Ċoláisde.

'Sé cuspóir an Ċoláisde ná caoi a ṫabairt do luċt foġlumṫa na teangan snas do ċur ar a gcuid Gaeḋilge Sin é fé ndeár do luċt stiúrṫa an Ċoláisde é do ċur ar bun i gceanntar fíor-Ġaeḋealaċ Ḃéal Áṫa an Ġaorṫaiḋ an ċéad lá riaṁ, i gcás go mbeaḋ an cóṁarsanaċt Gaeḋealaċ agus go mbeaḋ caoi ag na macaiḃ léiġinn ar ċoidreaṁ a ḃeiṫ aca le Gaeḋilgeóirí na h-áite. Beiḋ seans ag na macaiḃ léiġinn, mar sin, eólas do ċur ar Ġaeḋilg ġlé-glan an Aṫar Peadar fé mar a laḃartar sa ċeanntar í.



Peadar Ó Máille (Connaċtaċ), Árd Runaí an Fainne; Séamus Ó Séaġḋa (Muiṁneaċ), Rúnaiḋe an Coláisde; Cú Ulaḋ (Ultaċ), Uaċtarán Ċonnarta na Gaeḋilge, agus Seán Óg Ó Ceallaiġ (Laiġneaċ), Árd Rúnaiḋe an Ċonnarta ag an gColáisde i mḂéal Áta an Ġaorcaiḋ, 1934.

## Iostas.

Tá lóistín do ḃreis is 300 scoláire le fáġail aṫċumair don Ċoláisde. Ní h-iongnaḋ go ḃfuil deaġ-ċáil ar an gcóir iostais toisc go ḃfuil taiṫiġe ag an luċt óstuiḋeaċta ar an obair sin le breis agus trioċa bliain. Tá lóistín fé leiṫ le h-aġaiḋ breis is daċad ban riaġalta á ċur in áirite ag an gComaltas i gcóir cúrsa na bliana seo. Déanfaiḋ

an Rúnaidhe socrú i dtaobh lóistín d'aoinne gur mhian leis go ndéanfaí san ach scéala do chur chuige roimh-ré. Geóbhtar tuille eólais i dtaobh na ceiste ins na fógraí sa chlár so.

## CLÁR AN CHÚRSA.

Beidh rannganna oireamhnach do mhúinteóiríbh bun-scol agus meadhon-scol agus ceárd-scol agus beidh rannganna fé leith i gcóir lucht buaidhte scoláireachtaí ó Choisdí um Ghairm Oidis agus ó Choisdíbh eile. Beidh rannganna oireamhnach chómh maith do dhaoinibh fé bhun 18 mbliana d'aois agus do dhaoinibh eile gus mhian leó snas do chur ar a gcuid Gaedhilge.

## SCRÚDUIGHTE.

Béarfar oileamhaint fé leith le h-aghaidh scrúduighte Roinne an Oideachais dos na teasdasaíbh seo—Árd Teasdas; Teasdas Dá-Theangthach; Teasdas; Ceárd Teasdas; agus Teasdas Múinteóra Gaedhilge, agus bronnfar Teasdasaí an Choláisde (Árd Teasdas; Teasdas Dá-Theangthach agus Teasdas) de thoradh scrúduighthe a déanfar i ndeire an chúrsa.

## CLÁR NA gCÚRSAÍ LÉIGHINN.

### (a) LITRIDHEACHT.

**Filidheacht na Gaedhilge ó aimsir Chéitinn.**—Déanfar léirmheas ar thréithe agus ar mheadaracht na filidheachta (Dán Díreach agus Amhrán) agus déanfar cur síos ar shaoghal agus ar shaothar na bhFileadh agus ar an rian fhág cúrsaí staire a linne ar a gcuid saothar.

**Prós na Nua Gaedhilge.**—Déanfar beachtaireacht ar bhlodhanna próis mór-scríobhnóirí na h-aoise seo agus léireóchtar na tréithe a bhaineann leis na scríbhinní sin ó thaobh na litridheachta. Tabharfar roinnt léigheachtaí, chómh maith, d'fhonn na scoláirí do threórú ar chionas ba cheart léirmheas do dhéanamh ar prós agus filidheacht na teangan.



An t-Aṫair Séamas Ó Ceallaċáin, Sagart Óg, i mBéal Áṫa an Ġaorṫaiḋ (1913—17) a láṁaċaḋ le gallaiḃ 1920.

## (b) Ceapadóireaċt agus Cóṁraḋ.

Ḃéarfar toġa an aireaċais do laḃairt agus cruinneas cainnte na teangan. Beiḋ ceaċta cainnte agus agallaṁa ar aḋḃair símplí mar atá—Ranna na Bliana; An Tiġ Coṁnuiḋṫe; Gairmí Beaṫa agus Ceárda; Córaċa Taisdil; Cluiċí agus Caiṫeaṁ Aimsire; An Tuaiṫ agus An Baile Mór agus r.l. Na ṫeannta san ḃéarfar nótaí dos na scoláirí ar scríoḃaḋ aisdí ar ċúrsaí staire agus litríoċta agus ar ṁór-gluaiseaċtaí an laé indiu.

## (c) Móḋ Múinte.

Léireóċtar móḋ múinte na teangan tré ṁúineaḋ na gceaċt ṫuas, agus taḃarfar ceaċtanna samplaċa ar na h-aḋḃair scoile seo leanas—Uiṁríoċt, Stair agus Tír-Eólas.

## (d) Gramadaċ.

Déanfar léiriuġaḋ ar ċruaḋ-ṗoinntí gramadaiġe agus déanfar cur síos ar ḟás na teangan agus ar ḋul na cainnte.

## (e) Foġruiḋeaċt.

Déanfar cúram don úrlaḃraċt agus déanfar gaċ díċeall ar snas do ċur ar ḟoġruiḋeaċt na mac léiġinn.

## (f) Aṁránuiḋeaċt

Beifear cúramaċ i dtaoḃ múineaḋ aṁránuiḋeaċta dréir an tsean-nóis agus beiḋ claisceadal ar siuḃal in árus an Ċoláisde gaċ tráṫnóna.

## (g) Béal Oideas.

Ḃéarfar roinnt béal oideasa dos na macaiḃ léiġinn i riṫ an ċúrsa agus treóróċtar iad i dreó is go mbeiḋ caoi aca ar ċnuasaċ a ḋéanaṁ ó ṡeanċaiḋṫe na h-áite. Beiḋ seanċaiḋe i láṫair ag an gcúrsa ḋá uair sa tseaċtṁain agus déanfaiḋ duine d'ollaṁain an Ċoláisde míniú ar a ċuid seanċuiḋeaċta. Lasmuiċ ḋe seo beiḋ an seanċaiḋe tímċeall an Ċoláisde i riṫ an ċúrsa agus beiḋ caoi ag na macaiḃ léiġinn ar an mbéil-oidis do ḃailiuġaḋ uaiḋ.

## Leaḃair.

Moltar na leaḃair sea leanas:—Árd Rannganna—An Craos Deaṁan; Béal Oideas Béal Áṫa an Ġaorṫaiḋ; Filiḋeaċt Ṗádraig Uí Ċruaḋlaoiċ; Duanaire na Gaeḋilge, Leaḃar a Dó; Sounds of Irish; agus Ceól ár Sinnsear. Meaḋon Rannganna—Mo Scéal Féin; Go mBeannuiġtear Duit; An Dara Óir Ċisde; Sounds of Irish; agus Ceól ár Sinnsear. Bun Rannganna—Séaḋna; Sliġe an Eólais; Óir Ċisde; agus Ceól ár Sinnsear



Tomás Mac Curtáin.

## na h-Ollamna.

Is iad na h-Ollamna a beidh ag múineadh sa Choláisde ag cúrsa na bliana so—an t-Athair Gearóid Ó Nualláin, M.A., D.Litt.; Eiblín Ní Chróinín; Máire Ní Chuill, M.A., Á.C.O.; Séamus Ó Séaghdha, Árd Mháighistear, Scoil Gairm-Oidis Maghchromtha; Conchubhar Ó Coileáin, O.G.; Liam Ó h Icidhe, O.G. Seanchaidhe—Diarmuid Ó Liatháin.

## Clár Trát.

Tosnóchthar ar obair an lae ar a 10 a chlog ar maidin agus leanfar de go dtí na 12.5. Beidh sos chun lóin go dtí na 1 agus leanfar de'n obair as san go dtí 3.5 i.n. Beidh rang amhránuidheachta sa Choláisde gach tráthnóna ar a 7.30 a chlog agus cuirfear críoch le saothar ar lae le Scoruidheacht Fíor-Ghaedhealach. Beidh rang cultúra gach Satharn ó na 10 go dtí na 12 a chlog.

## Spórt agus Caitheamh Aimsire.

Cuirfear turasanna ar bun ó am go h-am go h-áiteanna cáileamhla sa chómharsanacht mar atá—Guagán Barra, Céim an Fhiadha, an Gleann Garbh, Cill Áirne 7 r.l. Beidh caoi ag na scoláirí ar dhul ag aéridheacht dóibh féin—ag bádóireacht, nó ag snámh nó ag iascaireacht ins na locha nó ag spaisteóireacht go barraí na gcnoc—nó beidh caoi aca ar chamóguidheacht nó peil agus iománuidheacht do chleachtadh.

## Táillí.

Éileóchthar 25s. mar tháille don chúrsa iomlán do dhaoine fásta agus £1 mar tháille don chúrsa iomlán do dhaoine atá fé bhun 16 bliana d'aois. Is féidir eólas i dtaobh an táille d'aon chuid de'n chúrsa d'fhághail ó'n Rúnaidhe.

## Cóir Taisdil.

Fágann Bus G.S.R. Sráid an Chapaill Bhuidhe, i gCorcaigh, gach tráthnóna i rith na seachtmhaine ar a 6.15 a chlog, agus gach Domhnach ar a 11 a.m., agus a 8.45 i.n. Ticéad ath-thurais 7s.

## Laḃairt na Gaeḋilge.

Tuigtear don luċt stiúrṫa náċ mór riaġail daingean do ċur i ḃfeiḋm i dtaoḃ laḃairt na Gaeḋilge d'ḟonn is go mbainfeaḋ na mic-léiġinn soċar as an gcúrsa. **Dá ḃríġ** sin ní ġlacfar le h-iarratóir ar ḃiṫ ná beiḋ sásta an Ġaeḋilg do laḃairt an ḟaid a ḃeiḋ sé sa ċeanntar. **Ní mór** dos na macaiḃ léiġinn ḃeiṫ cúramaċ i dtaoḃ an riaġail seo mar cuirfear an ruaig láiṫreaċ ar aoinne a ḃeiḋ ag Béarlóireaċt nó ag cleaċta gallḋaċais.

NÓTA.—Tá an Coláisde cláruiġṫe fé Roinn an Oideaċais i dtreó is náċ gáḋ ceist a ḃeiṫ ar aon Oide Scoile a ḋéanfaiḋ freasdal ar na gcúrsa i dtaoḃ laéṫeannta breise saoire.

Iarrtar orṫa so atá ar intinn freasdal ar an gcúrsa an Fuirm Iarratais seo istiġ do líonaḋ agus do ċur ṫar n-ais seaċtṁain ar a luiġeaḋ roiṁ tosaċ an ċúrsa.

Gaċ eólas eile le fáġail ó

Séamus Ó Séaġḋa, Rúnaiḋe,

Béal Áṫa an Ġaorṫaiḋ,

Co. Ċorcaiġe.

| Am | Dia Luain | Dia Máirt | Dia Céadaoin | Dar Daoin | Dia h-Aoine | Dia Saṫairn | Dia Domnaiġ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ~~10—11~~ 11—12 | Scéaluiḋeaċt, Agallaṁa, ⁊ Cóṁráḋ | Cruinneas Cainnte (Cora Cainnte, ⁊rl.) | Foġrúiḋeaċt | Cruinneas Cainnte (Cora Cainnte, ⁊rl.) | Scéaluiḋeaċt, Agallaṁa, ⁊ Cóṁráḋ | Rannġ Cultúra | Turasanna ⁊ Caiṫeaṁ Aimsire |
| ~~11.5—12.5~~ 10—11 | Léiġteóireaċt ⁊ Cóṁráḋ | Filiḋeaċt ⁊ Míniú | Léiġteóireaċt ⁊ Cóṁráḋ | Filiḋeaċt ⁊ Míniú | Léiġteóireaċt ⁊ Cóṁráḋ | | |
| 12.5—1 | Lón | | | | | | |
| 1—2 | Béal-oideas | Ceaċta Cainnte ⁊ Cóṁráḋ | Béal-oideas | Ceaċta Cainnte ⁊ Cóṁráḋ | Béal-oideas | Turasanna ⁊ Caiṫeaṁ Aimsire | |
| ~~2.5—3.5~~ 3—4 | Drómuiḋeaċt ⁊ Díospóireaċtaí | Ceapadóireaċt | Drómuiḋeaċt ⁊ Díospóireaċtaí | Ceapadóireaċt | Drómuiḋeaċt ⁊ Díospóireaċtaí | | |
| 3.5—4.5 | Dinnéar | | | | | | |
| 4.5—7 | Turasanna ⁊ Caiṫeaṁ Aimsire | | | | | | |
| 7—7.30 | Tae | | | | | | |
| 7.30—8.30 | Aṁránuiḋeaċt | | | | | | |
| 8.30-10.30 | Céiliḋe ⁊ Scoruiḋeaċt | | | | | | Cuirmí Ceóil ⁊ Dramaí |

1.8.45
4.8.45
31.7.45 go 24.8.45

10 — 11 Clár [illegible]
11 — 12 [illegible]
12 — 1. Teóiric an cheoil
2.30 - 3.30 Cúrsa [illegible]
3.30 - 4.30 Clár [illegible] ⁊ Sl. [illegible]

# MUNSTER TRAINING COLLEGE

## BALLINGEARY, CO. CORK.

———::———

### AUGUST SESSION, 1937.

———::———

THIS year's August session at the above College will open on Tuesday, 3rd, and terminate on Saturday, 28th, inclusive.

**Courses.**

Suitable classes will be arranged for Teachers in Primary, Secondary, and Vocational Schools, and for Scholarship holders from Vocational and other Committees. A feature of this year's session is the special course organised to cater for students between the ages of 12 and 18 years.

**Object.**

The object of the Courses is to enable students resident in Non-Gaelic speaking districts to acquire a fluent speaking knowledge of the Irish Language in a purely Gaelic atmosphere, and to demonstrate to teachers the most efficient methods of teaching the language and of imparting instruction through the medium of Irish.

### DESCRIPTIVE PARTICULARS.

**Gaelic Atmosphere.**

Since the inception of the first Irish College in 1904, Ballingeary has been regarded as the centre of the greatest Gaelicising force from which modern Educational reformers have drawn inspiration. Many of the men most prominent in modern Irish history, names will go down to posterity, have had recourse to this district, where they first visualised the ideal of an Ireland Gaelic and Free. Amongst those, the name of Dr. O Daly, the founder of the College, and those of An t-Athair Seamus O Ceallachain, Thomas

Mac Donagh, Tomas Mac Curtáin and Terence Mac Swiney, who suffered the supreme sacrifice, may be mentioned. Eminent men of learning from abroad—from England, Scotland, France, Germany, Holland, Norway and Sweden—have from time to time here studied the vernacular and native culture. The influence of the Gaelthacht environment on these remarkable men has been perhaps no less far-reaching than their influence on posterity. As a conseqence of the lead thus given in the pioneer days of the language



Toirḋealḃaċ Mac Suiḃne.

movement, other centres which were then unheard of have now bust into the limelight.

According to the report of the Gaelthacht Commission (1925), Ballingeary has been scheduled as a purely Irish Speaking district. The assistance afforded

to learners, apart from the College Course, is not the least attractive feature of the characteristic dispositions inherent in the natives, and students have achieved striking success through intercourse with the natives alone, whose store of folklore, viz., stories, songs, idioms, rhymes, proverbs and prayers seems inexhaustible.

**Class Accommodation.**

In order to accommodate the increasing number of students the present spacious building was erected in 1914. It contains six distinct class-rooms and is capable of accommodating upwards of 200 students. Within its own grounds, it stands about 200 yards from the village on an eminence overlooking Lough Allua, and enjoying the full benefit of the bracing mountain air and health-giving sunshine.

**Hotel Accommodation.**

As many residents mainly depend for their livelihood on success in this respect, efficient catering for strangers has, of necessity, become here a speciality. Board and lodgings, satisfactory and suitable, at reasonable terms and within easy access of the College, though at all times adequate to accommodate as many as 300 teacher students, have recently been improved and extended. That satisfaction has been invariably given to visitors may be proved by their voluntary return year after year. This year special accommodation is being made available for upwards of 40 Sisters from teaching communities.

**Scenery.**

As regards the scenic beauties of the locality there can be no question. Poets, artists, writers, tourists and even Saints have combined in paying tribute to its rare charms. The rugged grandeur of its mountains, as well as the refined loveliness of dell and vale, contribute to the formation of a vision of rare and varied grandeur. Within strolling distance of the

village repose some of the most beautiful spots in Ireland, among which number "Lone Gougane Barra," the celebrated Pass of Keimaneigh, and, in the words of Doheny, "Allua's Fairy Lake."

In their communings with the Creator the saints of old instinctively selected the isolated and remote, and, incidentally, the lovely and romantic. The fact that St. Finbarr selected Gougane Barra as the scene



An Droiċead ag Ceann na Sráide.

of his early labours is proof positive, if proof were necessary, of the solitude and sanctity of that hallowed spot. Few there are who are ignorant of the immortal lines in which Gallanan has enshrined the fame of Gougane:—

"There is a green island in Lone Gougane Barra
Where Allua of song rushes forth like an arrow;
In deep Valley Desmond a thousand wild fountains
Come down to that lake from their home in the mountains."

And again—

"I have sought thee, sweet spot, from my home by the ocean
And trod all thy wilds with a minstrel's devotion."

showing a preference for the free, invigorating mountain air, as against the oppressive, enervating atmosphere of the sea coast.

"Cois abhann Ghleanna 'n Chéama in Uíbh Laoghaire 'seadh bhímse." Thus sang Máire Bhuide Ní Laoghaire, the famous local poetess, in 1822, in treating of the Pass of Keimaneigh. Michael Doheny, in "The Felon's Track," leaves us some very realistic impressions on the same topic. Hounded by his enemies, on the run for his life, with a price upon



Ceann de ṫiġṫiḃ ósta na sráide.

his head, he found it impossible to ignore, even at midnight, the weird charm of this extraordinary defile. Through this Pass tramped O'Sullivan Beara on the occasion of his unfortunate retreat to Breifne after the defeat at Kinsale; Achros, distant a mile from the village, being his first resting place.

The Archaeological associations, also, are many and varied. Numbers of liosanna, cahers, souterrains, dolmans, and pillar-stones are within easy reach, and the only crannogue in the county lies in the lake near by.

Abundant facilities for recreative amusements are available, viz., camogie, hurling and football, mountain

climbing, swimming, fishing, boating, turasanna to places of historical, archaeological and scenic interest. Schoruidheachtanna will be held in the College each evening during the course.

**Fee.**

The fee for the Course for students over 16 years of age is 25/-; for students under 16 years of age £1.



An tSean-Coláisde, 1904.

Particulars of the fee payable for short terms may be had from the Secretary.

**Transport.**

G.S.R. Bus leaves Grand Parade, Cork, each week evening at 6.15 p.m. and on Sundays at 11 a.m. and 8.45 p.m. Single fare, 3/6. Return fare, 6/6.

**NOTE.**—The Committee wish to emphasise the importance of the regulation that nothing but Irish be spoken by students during the term, as failure to comply with same involves expulsion from the College.

For further particulars apply to—

S. Ó SEAGHDHA, Secretary,
Ballingeary, Co. Cork.

# Brún is Ó Nualáin, Teór.

Díoltóirí leaḃar scoile, ⁊ r.l.

Foillsiġteoirí oifiġiúla do scríḃinní an Aṫar Peadar Ó Laoġaire.

Lán-liosta na leaḃar, ⁊ r.l., le faġáil i n-aisce tríd an bpost, aċ fios a ċur air.

2 Sráid Cúc, Corcaiġ.

## Tig na Carraige

Loisdín gan loċt

coṁngaraċ do'n Ċoláisde

ar téarmaí réasúnta.

Saoġal aoiḃinn

sláinteaṁail.

Bean Uí Luasaiġ,

Tiġ na Carraige.

## Tig na Coille

le h-ais Loċ Allua.

Toġa na Gaeḋilge!

Roġa an ḃíḋ!

Gaċ cóir ar ḟeaḃas.

Gaċ eolas le fáġail ó

Bean Uí Ċuill.

tig na mban! tig na mban!

'Se an Tiġ is feárr i n-Éirinn

# Tiġ na mBan

Riaraḋ spesialta le h-aġaiḋ sagairt, bráiṫre, mná riaġalta agus múinteóirí.

toġa bíḋ. toġa lóisdín.

Uisce fuar 7 te. Sliġe do trí fiċid duine.

Garáisde i n-aisce.

bean uí Luasaiġ,
tig na mban.

## Tig na Ċúinne

leabtaċas

agus

iteaċán

gan loċt.

Slaċt, glanaċar, uisce reaṫa.

bean uí Ealuiġte.

## An Grianán

i ngiorraċt leaṫ-ċéad slat do'n Ċoláisde.

Sár-ḃiaḋ agus sáṁ-ċodlaḋ.

Gaċ éolas ó

bean uí Súilleaḃáin.

## Roġa na Leaḃar Gaeḋilge

THE NEW ERA OF MODERN IRISH, by the Rev. Gerald Nolan, M.A., B.D., D.Litt. ...... 7 6

Mín-ḋealú agus Parsáil, an t-Aṫr. G Ó Nualláin 1 0

Éigse Nua-Ġaeḋilge, Piaras Béaslaí.
Cuid 1, 2s. 6d.; Cuid 11, 3s. 6d.; an dá ċuid le ċéile 5 0

Leaḃar Ṗeig, Peig Sayers ... ... ... 6 0

An tOileánaċ, Tomás Ó Criomṫain ... ... 3 6

Fiċe Blian ag Fás, Muiris Ó Súilleaḃáin ... ... 6 0

Stair Ṡeanċas Éireann, Míċeál Ó Siocfraḋa.
An dá ċuid ... ... ... ... ... 3 0

Filiḋeaċt Fiannaiġeaċta, Torna ... ... 3 6

# Comluċt Oideaċais na h-Éireann Teor.,

89 Sráid an Talbóidiġ, Baile Áta Cliat.

Beiḋ

Lóisdín Oireaṁnaċ

le fáġail agat

i dTiġ Uí Ċoitir

ionad coṁngaraċ do'n

Ċoláisde

agus táillí réasúnta

Bean Uí Ċoitir.

Tiġ Uí Laoġaire

Sa tSráid-Ḃaile.

Ionad seascair do sé

duine fiċead.

Gaċ cóir ar ḟeaḃas i gcúrsaí

bíḋ agus glaine.

Bean Uí Laoġaire.

lóisdín compórdaċ atá uait, nac eaḋ?

beiḋ san le fáġail agat

# i dTig an Ċnuic

toġa bíḋ. toġa iostais.

toġa na Gaeḋilge.

Scríoḃaiḋ go

bean uí Ċróinín,

Tiġ an Ċnuic.

# Tig an Droiċid

an Tig 'na mbíoḋ Toirḋealḃaċ Mac Suiḃne.

Gaċ cóir ar ḟeaḃas ann

agus

na téarmaí réasúnta.

Scríoḃaiḋ go

bean uí Ṡíoṫċáin.



Examiner Photo. GOUGANE BARRA.



GLENGARRIFF, Co. CORK.

## Cóṁaltas [illegible] Oideaċas Gairme Beaṫa
## Ċonntae Ċorcaiġe.

---

Tá beartuiġṫe na gnáṫ-ċúrsaí Samraiḋ do Stuidéar Gaeḋilge a ḃíonn ar siuḃal fé'n gCóṁaltas réaṁráiḋte do ċur ar bun i mbliana arís. Tosnóċaiḋ ar an 5aḋ lá d'Iúl, 1937, agus críoċnóċaiḋ ar an 31aḋ lá d'Iúl, 1937.

Beiḋ Io[illegible]ḋ sa gCúrsaí mar leanas;—

(a) **Béal Áṫa 'n Ġaorṫaiḋ.**—Beiḋ ann Cúrsa do ṁacaiḃ léiġinn atá go maiṫ ċun cinn ċeana féin agus, cóṁ maiṫ, do ṁacaiḃ léiġinn sá fuil acu, fós, aċ lag-eoluis ar Ġaeḋilg. Ar na Cúrsaiḃ sin ní glacfar le h-aoinne ná raiḃ, ar a luiġeaḋ, ceiṫre bliana déag d'aois ar an gcéad lá de Ṁeadon Fóġṁair, 1936. Aon ṁac léiġinn nár ḋein freastal ar ġnáṫ-rang Gaeḋilge leis an gCóṁaltas beiḋ air (nú uirṫi) taille, mar atá 10s. d'íoc. (Ní h-ionnann Rang ar na Cúrsaiḃ Samraiḋ atá luaiḋte annso agus gnáṫ-rang Gaeḋilge).

(b) **Guagán Barra.**—Beiḋ ann Cúrsa do Ġa[illegible]m-Ṁúinteoiríḃ go ḃfuil orṫa an Ceárd Teastas Gaeḋilge do ḃaint amaċ. Iad san ná fuil ar fostuíoċt ag Cóṁaltas Ċonntae Ċorcaiġe agus go dteastuiġeann uaċa dul fé'n gCúrsa so beiḋ orṫa Táille, mar atá 40s. an duine, d'íoc ċuige sin.

Is féidir breis eoluis agus Fuirmeaċa Iarrtais d'ḟaġáil ó

S. Ó Buaċalla,

Príoṁ-Oifigeaċ,

27, Sráid Tucaí,

i gCorcaiġ.